Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

Galway County Public Participation Network
Líonra Rannpháirtíochta Phoiblí Chontae na Gaillimhe

## Fáilteoidh Comhairle Chontae na Gaillimhe

*I gcomhpháirtíocht le*

## *Líonra Rannpháirtíochta Poiblí Chontae na Gaillimhe*

*Roimh Ainmniúcháin do*

# Ghradaim Pobail an Chathaoirligh 2020

*Comóradh ar bhearta saorálaíochta i bpobail ar fud Chontae na Gaillimhe*

-------------------------------------------




**Réamhfhocal ón gComhairleoir James Charity, Cathaoirleach Chontae na Gaillimhe**

Tionscnamh bliantúil iad Gradaim an Chathaoirligh chun aitheantas a thabhairt do dhúthracht daoine aonair agus grúpaí a ghlacann páirt i ngníomhaíochtaí pobail agus saorálaíochta gan íocaíocht agus don tionchar suntasach a bhíonn ag an méid a dhéanann siad ar chaighdeán saoil na ndaoine ina bpobail féin.

Tá tábhacht ar leith ag baint le Gradaim na bliana 2020 ó tharla ceiliúradh á dhéanamh againn ar an iomaí saorálaí neamhleithligh a bhfuil tacaíocht tugtha acu dár bpobail, do dhaoine leochaileacha agus do dhaoine atá buailte go dona ó thosaigh paindéim COVID-19, agus dá bharr, tá Catagóire na nGradam leasaithe chun dúshláin ar leith na bliana seo caite a thabhairt san áireamh.

Cé nach mbeimid ábalta a bheith le chéile chun Buaiteoirí na nGradam a chomóradh, tá sé níos tábhachtaí ná mar a bhí riamh aitheantas a thabhairt do na daoine a rinne i bhfad níos mó dá bpobail in 2020 ná mar a bhíothas ag súil uathu.  Dá mba mhaith libh, mar Ghrúpa, sibh féin a chur ar aghaidh, nó má tá Grúpa nó Saorálaí Aonair ar eolas agat a rinne difear le linn na bliana 2020, seol Foirm chun Ainmniúchán a Dhéanamh ar aghaidh faoi cheann de Chatagóirí na nGradam ar an taobh eile den leathanach.

An Comhairleoir James Charity
Cathaoirleach Chontae na Gaillimhe

# Catagóirí na nGradam

Tá leasú déanta ar chatagóirí na nGradam don bhliain 2020 agus fáilteofar roimh ainmniúcháin faoi na catagóirí a leanas:

**Gradam Freagartha Pobail COVID-19 (1 Gradam in aghaidh an Cheantair Bhardasaigh)**

Tugtar aitheantas sa chatagóir seo don méid atá déanta ag Grúpaí chun teacht aniar a bpobail féin a choinneáil ag imeacht trí thacaíochtaí praiticiúla agus sóisialta a thabhairt do dhaoine aonair leochaileacha agus trína chur ar chumas daoine fanacht i dteagmháil lena chéile agus fanacht slán ó thosaigh paindéim COVID-19. In aitheantas don spiorad pobail atá léirithe ar fud an Chontae, beidh Gradam ar leith ann don chatagóir seo in aghaidh an Cheantair Bhardasaigh.

**Gradam don Chultúr agus don Chruthaitheacht**

Tugtar aitheantas sa chatagóir seo do Ghrúpaí a chuireann lena gceantar áitiúil tríd na hEalaíona, Ceardaíocht, Cultúr nó Oidhreacht atá ina bpobal áitiúil a chaomhnú, a chosaint agus a chur chun cinn trí ghníomhaíochtaí cruthaitheachta. *Samplaí: drámaíocht, ceol, litríochta, na healaíona, féilte, foilseacháin oidhreachta, imeachtaí cultúir, tograí oidhreachta digití & béaloidis, oidhreacht thógtha, tograí oidhreachta seandálaíochta agus cultúir, etc.*

**Gradam Timpeallachta & Oidhreachta Nádúrtha**

Tugtar aitheantas sa chatagóir seo do Ghrúpaí a chuireann am i leataobh chun obair a dhéanamh ina bpobal, obair mar breathnú amach d'oidhreacht timpeallachta agus nádúrtha a n-áit féin, agus/nó tograí cosanta nó inbhuanaithe timpeallachta a chur chun cinn.

*Samplaí: Tograí Bailte Slachtmhara, glanadh suas, gairdíní pobail, páirceanna, tionscnaimh atá báúil do phailineoirí agus don bhithéagsúlacht, tionscnaimh maidir le hathrú aeráide.*

**Gradam Sláinte & Folláine**

Tugtar aitheantas sa chatagóir seo do Ghrúpaí a chuireann go mór le saol daoine trí thionscnaimh réamhghníomhacha a chur i bhfeidhm chun tacú le folláine fhisiciúil, intinne agus shóisialta na ndaoine sin.

*Samplaí: gníomhaíocht fhisiceach & gníomhaíochtaí & saoráidí áineasa, feachtais meabhairshláinte, feasacht agus tionscnaimh maidir le maireachtáil go sláintiúil, áiteanna & spásanna d'fholláine pobail, etc.*

**Gradam na Gaeilge**

Tugtar aitheantas sa chatagóir seo don méid atá á dhéanamh ag Grúpaí chun úsáid na Gaeilge a chaomhnú, a chur chun cinn agus a neartú. Cuimsítear ceantair Ghaeltachta agus taobh amuigh den Ghaeltacht maidir leis an nGradam seo.

*Samplaí: tionscadail agus gníomhaíochtaí pobail/scoile, imeachtaí éagsúla/féilte i nGaeilge a dhírigh ar úsáid na Gaeilge a chur chun cinn agus a mhéadú i measc an phobail.*

**An Gradam um Ionchuimsiú Sóisialta**

Tugtar aitheantas sa chatagóir seo do Ghrúpaí a chuireann deiseanna ar fáil do chách páirt a ghlacadh ina bpobal féin trí thimpeallachtaí agus tionscnaimh atá dearfach a chur ar fáil chun aire a thabhairt do dhaoine a d'fhéadfadh a bheith leochaileach, scoite amach nó imeallaithe.

*Samplaí: Ionaid Pobail, Seideanna na bhFear, Seirbhísí Pobal ar Aire agus Práinnfhreagartha, Seirbhísí Cúraim agus Deisiúcháin, Seirbhísí chun Cairde a Dhéanamh, seirbhísí tacaíochta saorálaíochta do dhaoine aosta, etc.*

**Gradam d'Oibrí Deonach na Bliana**

Tugtar aitheantas sa chatagóir seo don obair ollmhór a rinne oibrí deonach aonair ar a bpobal áitiúil. Tá daoine aonair i ngach pobal nach dtuirseodh an saol iad, lán d'fhuinneamh agus díograis, daoine a n-éiríonn leo rudaí a dhéanamh - mar sin, ainmnigh na laochra neamhaitheanta sin, na daoine a spreagann, a thacaíonn, a threoraíonn agus a ghríosaíonn daoine eile i do phobal.

# An Próiseas Moltóireachta

Déanfaidh Painéal Moltóireachta neamhspleách gach ainmniúchán a bhreithniú. Mar chuid den phróiseas breithnithe, forchoimeádann an Painéal Moltóireachta an ceart ainmniúcháin a bhreithniú faoi Chatagóir Gradaim eile má mheasann an painéal sin a bheith cuí. Cinneadh críochnaitheach a bheidh i gcinneadh an phainéil.

# Próiseas na nGradam

- Déanfar gach catagóir a ghearrliostú go mbeidh 5 ainmní fanta, bronnfar Teastas, sínithe ag an gCathaoirleach, ar na hainmnithe sin.
- Roghnófar buaiteoir ó na hainmnithe a chuirfear ar an ngearrliosta i ngach catagóir agus bronnfar Gradam coimisiúnaithe go speisialta agus atá lámhdhéanta ag ceardaí áitiúil chomh maith le duais €500 in airgeadh tirim ar an mbuaiteoir chun cur i dtreo a gcuid oibre.
- Tabharfar cuireadh do na hainmnithe a chuirfear ar an ngearrliosta chuig searmanas ar líne ina bhfógrófar buaiteoir gach catagóra.

## Conas a dhéanfar ainmniúchán?

1. Tá Foirm chun Ainmniúchán a Dhéanamh ar leith ann do Dhaoine Aonair agus do Ghrúpaí - ní mór na Foirmeacha Ainmniúcháin oifigiúla seo a úsáid nó ní ghlacfar le hainmniúcháin.
2. Is féidir le Grúpaí iad féin a ainmniú do thogra nó do ghníomhaíocht atá ar bun acu nó is féidir le duine aonair tríú páirtí nó grúpa tríú páirtí Grúpaí a ainmniú.
3. Ní féidir le daoine aonair iad féin a ainmniú ná ní féidir le duine muinteartha leo iad a ainmniú - ní mór do Ghrúpa Pobail nó do dhuine aonair tríú páirtí iad a ainmniú.
4. Nuair atá Duine Aonair nó Grúpa á n-ainmniú, déan cinnte le do thoil nach bhfuil ainmniúchán faighte cheana acu sula gcuireann tú an Fhoirm chun Ainmniúchán a Dhéanamh ar aghaidh.
5. Ní féidir le Grúpaí iarratas a dhéanamh ach ar Chatagóir Gradaim amháin.
6. Léigh na ceisteanna go cúramach agus bí cinnte go bhfuil an méid sonraí agus is féidir tugtha faoi ghníomhaíochtaí, éachtaí saorálaíochta Dhuine Aonair nó Ghrúpa chomh maith leis an difear atá déanta acu ar mhaithe leis an bpobal áitiúil agus an chúis a bhfuil an Gradam tuillte acu.
7. Is féidir leat naisc chuig íomhánna nó cáipéisí ar na meáin shóisialta a chur ar fáil chun tacú le d'ainmniúchán.

## Téarmaí & Coinníollacha Ginearálta

1. Ní mór na hainmnithe a chuirtear ar an ngearrliosta a bheith i láthair ag an Searmanas ina bhfógrófar na buaiteoirí agus cuirfear scéala chucu roimhe sin (Ar líne a reáchtálfar Searmanas na nGradam in 2020).
2. Ní mór na Daoine Aonair agus na Grúpaí a fhaigheann ainmniúchán a bheith bunaithe agus ag obair i gContae na Gaillimhe (Ní mheasfar daoine aonair agus Grúpaí atá bunaithe i gCathair na Gaillimhe).
3. Baineann na Gradaim seo le gníomhaíochtaí a thugtar fúthu ar bhonn deonach amháin (ní mheasfar obair / poist a íoctar).
4. Ní mór ainmniúcháin a bheith faighte ar an spriocdháta nó roimhe.
5. Coimeádann Comhairle Chontae na Gaillimhe an ceart an dara ainmní a roghnú don Ghradam Náisiúnta Mórtas Áite, ar bhonn téamach nó daonáirimh.

**Ní mór gach Foirm chun Ainmniúchán a Dhéanamh chomhlánaithe a chur isteach ar líne ag;**
https://www.galwaycountyppn.ie/awards/

**An Dáta Deiridh a nglacfar le Foirmeacha chun Ainmniúchán a Dhéanamh:**
**Dé hAoine 21ú Bealtaine 2021.**